2023/2141

16.10.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2141 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Deireadh Fómhair 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/130 a mhéid a bhaineann le tuairisciú ar phionóis maidir le coinníollacht agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2290 a mhéid a bhaineann le tuairisciú ar réamhíocaíochtaí i dtáscairí aschuir a úsáidtear le haghaidh imréiteach feidhmíochta agus luachanna comhiomlánaithe táscairí aschuir

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus atá le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 133 agus Airteagal 134(14) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le pointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/130 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos cur i láthair na faisnéise cainníochtúla is gá chun an fhaisnéis a leagtar amach sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht a réiteach leis an gcaiteachas a dhearbhaítear sna cuntais bhliantúla, mar a leagtar síos in Airteagal 134(5), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115. De réir Airteagal 45(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus Airteagal 32(1), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún ([4]), déanfar méideanna a chomhfhreagraíonn do phionóis arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 12 agus 14 de Rialachán (AE) 2021/2115 (pionóis maidir le coinníollacht) a dhearbhú sna cuntais bhliantúla mar ioncam sannta, ar leithligh ó chaiteachas an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT). Dá bhrí sin, ní gá an fhaisnéis chainníochtúil a bhaineann leis na pionóis sin a chur sa tuarascáil feidhmíochta bhliantúil, i measc an chaiteachais a bhaineann le hidirghabhálacha íocaíochta dírí, atá riachtanach chun na cuntais bhliantúla a réiteach. Ba cheart, dá bhrí sin, an fhaisnéis chainníochtúil is gá chun an fhaisnéis a chuirtear i láthair sa tuarascáil feidhmíochta bhliantúil a réiteach leis an gcaiteachas a leagtar amach sna cuntais bhliantúla, a leagtar síos i bpointe 2.2.1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/130, a leasú chun an tagairt do phionóis maidir le coinníollacht a bhaint.

(2) Mar a leagtar síos in Airteagail 12 agus 14 de Rialachán (AE) 2021/2115 agus in Airteagal 83 de Rialachán (AE) 2021/2116, níl feidhm ag an gcóras coinníollachta maidir leis na cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil III de Rialachán (AE) 2021/2115. Ba cheart, dá bhrí sin, an fhaisnéis chainníochtúil is gá chun an fhaisnéis a chuirtear i láthair le haghaidh na cineálacha idirghabhála a réiteach, a leagtar síos i bpointe 2.2.2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/130, a leasú chun an tagairt do phionóis maidir le coinníollacht a bhaint.

(3) Chun soiléireacht agus comhleanúnachas a áirithiú maidir le tuairisciú méideanna nár íocadh tar éis pionóis maidir leis an gcaiteachas faoi CETFT, ba cheart tagairt d'Airteagal 45(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2116 i bpointe 2.2.3(b)(ii), den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/130 a scriosadh. Méideanna nár íocadh tar éis pionóis arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 12 agus 14 de Rialachán (AE) 2021/2115, tá siad le tuairisciú faoi phointe 2.2.3.(b)(ii) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/130, i gcomhréir le hAirteagail 85 agus 89 de Rialachán (AE) 2021/2116.

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/130 ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2023 lena leagtar síos rialacha i ndáil le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i láthair ábhar na tuarascála bliantúla ar fheidhmíocht (IO L 17, 19.1.2023, lch. 77).

([3]) Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 20, 31.1.2022, lch. 131).

(4) Leasaíodh Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2021/2116 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1408 ón gCoimisiún ([5]) a mhéid a bhaineann le réamhíocaíochtaí a íoc le tairbhithe idirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil III de Rialachán (AE) 2021/2115, sa bhreis ar an bhféidearthacht réamhíocaíochtaí a íoc le tairbhithe idirghabhálacha a leagtar síos in Airteagal 44(3) den Rialachán sin. Tháinig Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1408 i bhfeidhm an 26 Lúnasa 2022. Tagraíonn pointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2290 ón gCoimisiún ([6]) d'íocaíocht na réamhíocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(3) de Rialachán (AE) 2021/2116 amháin. Is gá, dá bhrí sin, pointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2290 a leasú chun na rialacha is infheidhme maidir le tuairisciú réamhíocaíochtaí i dtáscairí aschuir a úsáidtear le haghaidh imréiteach feidhmíochta a leathnú chuig na réamhíocaíochtaí a íoctar i gcomhréir le hAirteagal 44(3a) de Rialachán (AE) 2021/2116 freisin.

(5) Is iad na táscairí coiteanna aschuir a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 an bunús le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht Pleananna Straitéiseacha CBT le linn a gcur chun feidhme. Leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir leis na modhanna chun luachanna comhiomlánaithe na dtáscairí aschuir a úsáidtear le haghaidh imréiteach feidhmíochta a ríomh i bpointe 3(a) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2290. Ní mór na rialacha sin a leasú chun iomláine agus comhsheasmhacht thuairisciú luachanna comhiomlánaithe na dtáscairí aschuir ar leibhéal an aonadmhéid a áirithiú. Ba cheart pointe 3(a)(i) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2290 a leasú freisin chun tuairisciú luachanna comhiomlána na dtáscairí aschuir a áirithiú a mhéid a bhaineann leis an tacaíocht a thugtar d'fhaighteoirí deiridh trí bhíthin ionstraimí airgeadais.

(6) Le pointe 3(b)(i) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2290 leagtar síos rialacha maidir le tuairisciú na luachanna comhiomlánaithe i ndáil le táscaire aschuir O.3. Ba cheart na rialacha sin a leasú chun comhleanúnachas a áirithiú leis na rialacha maidir le tuairisciú luachanna comhiomlánaithe na dtáscairí aschuir a leagtar síos i bpointe 3(a), pointí (i) go (ix), den Iarscríbhinn sin.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2023/130 agus (AE) 2021/2290 a leasú dá réir sin.

(8) Chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit a gcórais faisnéise a oiriúnú do na rialacha leasaithe maidir le tuairisciú luachanna comhiomlánaithe an táscaire aschuir a leagtar síos i bpointe 3(b)(i) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2290, ba cheart feidhm a bheith ag Airteagal 2, pointe (3)(b) ón 16 Feabhra 2024, chun a áirithiú go ndéanfar na luachanna sin a thuairisciú sna tuarascálacha feidhmíochta bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115 ón mbliain airgeadais 2024 ar aghaidh.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste an Chomhbheartais Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/130

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/130 mar a leanas:

(1) i bpointe 2.2.1(b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iii):

'(iii) méideanna nár íocadh tar éis pionós, a leagtar síos in Airteagal 59(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/2116;';

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1408 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le réamhíocaíochtaí a dhéanamh le haghaidh idirghabhálacha agus bearta tacaíochta áirithe dá bhforáiltear i Rialacháin (AE) 2021/2115 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 216, 19.8.2022, lch. 1).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2290 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir leis na modhanna chun na comhtháscairí aschuir agus toraidh a ríomh a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 458, 22.12.2021, lch. 486).

(2) i bpointe 2.2.2(b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

'(ii) méideanna nár íocadh tar éis pionós, a leagtar síos in Airteagal 59(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/2116;';

(3) i bpointe 2.2.3(b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

'(ii) méideanna nár íocadh tar éis pionós, a leagtar síos in Airteagal 59(1), pointe (d), agus Airteagail 85 agus 89 de Rialachán (AE) 2021/2116;'.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2290

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2290 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid a leanas in ionad phointe 2:

'2. Maidir le hidirghabhálacha a ndearnadh íocaíocht lena n-aghaidh i bhfoirm réamhíocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 32(4), pointe (a), agus in Airteagal 32(5) agus in Airteagal 44(3) agus in Airteagal 44(3a) de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) roimh sheachadadh an aschuir chomhfhreagraigh, ní áireofar iad sin sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht i gcomhréir le hAirteagal 128 de Rialachán (AE) 2021/2115 le haghaidh na bliana airgeadais talmhaíochta inar íocadh an réamhíocaíocht. Déanfar na réamhíocaíochtaí sin a thuairisciú le haghaidh na bliana airgeadais talmhaíochta ina n-íocfar as an aschur ina iomláine.

_____

(*) Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187).';

(2) i bpointe 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) agus táscairí aschuir a úsáidtear le haghaidh imréiteach feidhmíochta á dtuairisciú, áireoidh na Ballstáit na luachanna comhiomlána seo a leanas freisin:

(i) an t-aschur iomlán in aghaidh na hidirghabhála;

(ii) an t-aschur iomlán in aghaidh an aonaid tomhais i gcás ina mbunaítear roinnt aonaid tomhais le haghaidh idirghabhála;

(iii) i gcás ina bhfuil roinnt aonadmhéideanna laistigh d'idirghabháil, bunófar an t-aschur iomlán do gach catagóir a leagtar síos thíos:

— gach réimse dá dtagraítear in Airteagal 71(2) agus in Airteagal 72(3) de Rialachán (AE) 2021/2115;

— gach cineál uirlise bainistithe riosca dá dtagraítear in Airteagal 76(3) de Rialachán (AE) 2021/2115;

— gníomhaíochtaí ullmhúcháin faoi straitéisí LEADER dá dtagraítear in Airteagal 77(1), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/2115 agus gníomhaíochtaí cur chun feidhme faoi straitéisí LEADER dá dtagraítear san Airteagal sin de Rialachán (AE) 2021/2115;

— gach ionstraim airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2021/2115;

(iv) an t-aschur iomlán in aghaidh an táscaire aschuir;

(v) an t-aschur iomlán do gach catagóir dá dtagraítear i bpointe 3(a)(iii), más ábhartha don táscaire aschuir;

(vi) an t-aschur iomlán in aghaidh an chineáil idirghabhála, i gcás inarb iomchuí;

(vii) an t-aschur iomlán in aghaidh an aonaid tomhais agus, i gcás inarb iomchuí, an t-aschur iomlán agus aonad tomhais coiteann á úsáid i gcás ina n-áirítear leis an táscaire aschuir nó leis an gcineál idirghabhálacha roinnt idirghabhálacha a dtomhaistear a n-aschur le haonaid tomhais dhifriúla;

(viii) líon na bhfaighteoirí deiridh tacaíochta i bhfoirm ionstraimí airgeadais, in aghaidh na hidirghabhála agus na dtáscairí aschuir lena mbaineann;'

(3) leasaítear pointe 3(b)(i) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhleisce:

'— soláthrófar luach an táscaire sin in aghaidh na hidirghabhála, in aghaidh an táscaire aschuir a úsáidtear le haghaidh imréiteach feidhmíochta, agus in aghaidh an chineáil idirghabhála;';

(b) cuirtear isteach an dara fleasc seo a leanas tar éis an chéad fhleasc:

'— soláthrófar luach an táscaire sin in aghaidh gach catagóire dá dtagraítear i bpointe 3(a)(iii), in aghaidh na hidirghabhála agus in aghaidh an táscaire aschuir a úsáidtear chun feidhmíocht a imréiteach, i gcás ina n-áirítear sna hidirghabhálacha nó sna táscairí aschuir catagóirí dá dtagraítear i bpointe 3(a)(iii);'.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 2, pointe (3)(b) ón 16 Feabhra 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN